**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean

2. Ordaítear do Sviatlana Lyubetskaya na costais a thabhaigh Comhairle an Aontais Eorpaigh a íoc, chomh maith lena costais féin.

---

([1]) IO C 11, 10.1.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 24 Bealtaine 2023 — Omeliyanyuk v an Chomhairle**

**(Cás T-557/21)** ([1])

***(Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna nglacadh i bhfianaise na staide sa Bhealarúis – Reo cistí – Srian ar dhul isteach i gcríoch na mBallstát – Ainm an iarratasóra a áireamh ar liostaí na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí lena mbaineann – An dualgas cúiseanna a lua – Earráid mheasúnaithe – Comhréireacht)***

(2023/C 235/43)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Aleksandr Omeliyanyuk (Mionsc, an Bhealarúis) (ionadaí: D. Litvinski, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: M.-C. Cadilhac agus S. Saez Moreno, Gníomhairí)

**Maidir le:**

Lena iarratas faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2021/1002 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis (IO 2021 L 219 I, lch. 70) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/997 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021, lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 maidir le bearta sriantacha i leith na Bealarúise (IO 2021 L 219 I, lch. 3), a mhéid a bhaineann na gníomhartha sin leis, ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Déantar an chaingean a dhíbhe.

2. Ordaítear do Aleksandr Omeliyanyuk, de bhreis ar a chostais féin, na costais arna dtabhú agComhairle an Aontais Eorpaigh a íoc.

---

([1]) IO C 11, 10.1.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 24 Bealtaine 2023 — Gusachenka v an Chomhairle**

**(Cás T-579/21)** ([1])

***(Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna nglacadh i bhfianaise na staide sa Bhealarúis – Reo cistí – Srian ar dhul isteach i gcríoch na mBallstát – Ainm an iarratasóra a áireamh ar liostaí na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí lena mbaineann – Earráid mheasúnaithe – Comhréireacht – Saoirse tuairimí a nochtadh)***

(2023/C 235/44)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Siarhei Gusachenka (Mionsc, an Bhealarúis) (ionadaí: D. Litvinski, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: A. Limonet agus V. Piessevaux, Gníomhairí)

**Maidir le:**

Lena iarratas faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfarCinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2021/1002 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis (IO 2021 L 219 I, lch. 70) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/997 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i leith na Bealarúise (IO 2021 L 219 I, lch. 3), a mhéid a bhaineann na gníomhartha sin leis, a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Déantar an chaingean a dhíbhe.

2. Ordaítear doSiarhei Gusachenka, de bhreis ar a chostais féin, na costais arna dtabhú ag Comhairle an Aontais Eorpaigh a íoc.

(1) IO C 11, 10.1.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 24 Bealtaine 2023 — Haidukevich v an Chomhairle**

**(Cás T-580/21)** (1)

***(Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna nglacadh i bhfianaise na staide sa Bhealarúis – Reo cistí – Srian ar dhul isteach i gcríoch na mBallstát – Ainm an iarratasóra a áireamh ar liostaí na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí lena mbaineann – Dualgas cúiseanna a lua – Earráid mheasúnaithe – Comhréireacht)***

(2023/C 235/45)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Aleh Haidukevich (Semkino, an Bhealarúis) (ionadaí: D. Litvinski, Dlíodóir)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: S. Lejeune, E. d'Ursel agus V. Piessevaux, Gníomhairí)

**Maidir le:**

lena iarratas faoi Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfar Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2021/1002 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 2012/642/CBES maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis (IO 2021 L 219 I, lch. 70) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/997 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 8a(1) de Rialachán (CE) Uimh. 765/2006 a bhaineann le bearta sriantacha i leith na Bealarúise (IO 2021 L 219 I, lch. 3), a mhéid a bhaineann na gníomhartha sin leis, a chur ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Déantar an chaingean a dhíbhe.

2. Ordaítear go n-íocfaidh Aleh Haidukevich, de bhreis ar a chostais féin, na costais arna dtabhú ag Comhairle an Aontais Eorpaigh.

(1) IO C 11, 10.1.2022.